CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 433 I an 22 Nollaig 2020)

1. Ar leathanach 4, aithris (19), an dara fomhír, an dara habairt:

in ionad: "Ba cheart don Choimisiún obair leantach a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin chun a fhíorú ar urramaíodh na rialacha is infheidhme, go háirithe Airteagal 63, pointe (b) d'Airteagal 68(1) agus Airteagal 98 de Rialachán (AE) …/… an ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Viosaí ([1]).

_____

([1]) Níor foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.",

léitear: "Ba cheart don Choimisiún obair leantach a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin chun a fhíorú ar urramaíodh na rialacha is infheidhme, go háirithe Airteagal 69, pointe (b) d'Airteagal 74(1) agus Airteagal 104 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

_____

([1]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).".

2. Ar leathanach 8, Airteagal 5(5):

in ionad: "5. Ar bhonn na faisnéise a chuirfidh na faighteoirí nó tairbhithe deiridh ar fáil i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall chun a áirithiú go ndéanfar aon mhéid atá dlite ag eintitis rialtais nó ag Ballstáit, faoi mar a thagraítear dó i mír 2 den Airteagal seo a íoc go héifeachtach le faighteoirí nó tairbhithe deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 63, pointe (b), le hAirteagal 68(1) agus le hAirteagal 98 de Rialachán (AE) …/… an ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Viosaí.",

léitear: "5. Ar bhonn na faisnéise a chuirfidh na faighteoirí nó tairbhithe deiridh ar fáil i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall chun a áirithiú go ndéanfar aon mhéid atá dlite ag eintitis rialtais nó ag Ballstáit, faoi mar a thagraítear dó i mír 2 den Airteagal seo a íoc go héifeachtach le faighteoirí nó tairbhithe deiridh, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 69, pointe (b), le hAirteagal 74(1) agus le hAirteagal 104 de Rialachán (AE) 2021/1060.".